C/2024/6018

23.10.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Cúramóirí

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/6018)

Rapóirtéir: **Pietro Vittorio BARBIERI**

Comhairleoir	Carlo GIACOBINI, thar ceann an rapóirtéara
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	24.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	25.6.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	10.7.2024
Seisiún iomlánach Uimh	589
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	186/1/3

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Seo seasamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE):

1.2. Meabhraíonn CESE ([1]) nach leor na bearta atá sa Straitéis Eorpach um Chúram chun tacú le cás na gcúramóirí neamhfhoirmiúla, agus tugann sé dá aire nach bhfuil feidhm ag Treoir (AE) 2019/1158 ([2]), i gcomhréir le bunús dlí na treorach sin, ach amháin le daoine atá i gcaidreamh fostaíochta. Tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún ceist na gcúramóirí neamhfhoirmiúla a chur go barr an chláir oibre polaitiúil, agus ardán a chur ar bun i gcomhair malartú na ndea-chleachtas d'fhonn tacú leis na Ballstáit i gcur chun feidhme na réiteach ar na heasnaimh atá ann faoi láthair agus cás na gcúramóirí neamhfhoirmiúla a chur ina cheart. Tá sé ag iarraidh ar na Ballstáit na moltaí atá sa Mholadh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán a chur chun feidhme trí bhearta iomchuí a dhéanamh chun beartais agus bearta arb é is aidhm dóibh tacú le cás na gcúramóirí neamhfhoirmiúla a ghlacadh.

1.3. Is minic a bhíonn tionchar diúltach ag an ró-ualach fisiceach agus meabhrach, ag an imeallú agus ag an leithlisiú ar dhálaí maireachtála na gcúramóirí neamhfhoirmiúla. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go spreagfaí soláthar leathan seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar ardchaighdeán ar leibhéal an phobail i mbeartais na mBallstát.

1.4. Is minic gur mar gheall ar éigeantas a bhíonn cúram neamhfhoirmiúil á thabhairt ag baill teaghlaigh, sin de thoradh easpa seirbhísí agus tacaíochta iomchuí. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go n-áiritheofaí an ceart féinchinntiúcháin agus go mbeadh fíor-rogha ag duine trí bhíthin beartais, coimircí, bearta agus seirbhísí iomchuí.

([1]) Tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an ról atá ag baill teaghlaigh a thugann aire do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta: an méadú ollmhór a tháinig ar an bhfeiniméan sin le linn na paindéime (IO C 75, 28.2.2023, lch. 75).

([2]) Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle (IO L 188, 12.7.2019, lch. 79).

1.5. Ós rud é go bhfuil baol an-ard ann go mbeadh cúramóirí neamhfhoirmiúla ag fulaingt de dheasca an traochta agus an ró-ualaigh fhisicigh agus meabhrach, go háirithe i gcás cúram fadtéarmach, tá gearghá agus práinn leis go ndéanfadh na Ballstáit beartais a thabhairt isteach lena n-áiritheofaí soláthar leathan seirbhísí faoisimh agus réiteach eile a d'éascódh an saol do na cúramóirí neamhfhoirmiúla agus a chosnódh iad (an cúram sláinte coisctheach agus faoisimh).

1.6. Tá éagothromaíocht mhór idir na hinscní i gceist freisin sa chúram neamhfhoirmiúil i dteaghlaigh. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh ([3]) go maolófaí an éagothromaíocht sin, lena n-áirítear trí chur chun feidhme na bhforálacha i dTreoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 agus sa Straitéis Eorpach um Chúram a neartú agus cur leo.

1.7. Is minic an cúram teaghlaigh neamhfhoirmiúil ina chúis le daoine agus a dteaghlaigh a bheith ag maireachtáil faoi bhochtaineacht ábharach agus neamhábharach. Dá bhrí sin, iarrann CESE ar na Ballstáit bearta a thabhairt isteach chun na héifeachtaí sin a mhaolú agus a chosc, lena n-áirítear trí smaoineamh ar íocaíochtaí iomchuí a thabhairt isteach.

1.8. Iarrann CESE ar na Ballstáit tuilleadh bearta ardaithe feasachta a dhéanamh chun daoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu, a dteaghlaigh, cúramóirí fadtéarmacha agus cúramóirí neamhfhoirmiúla a spreagadh úsáid a bhaint as na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh agus an tacaíocht atá ar fáil dóibh agus an próiseas sin a éascú dóibh, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, de réir mar a fhoráiltear i Moladh 2022/C 476/01 ([4]).

1.9. Ós rud é go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh na cúramóirí neamhfhoirmiúla in ann a bpost rialta a choinneáil agus pá a thuilleamh, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí na cineálacha éagsúla socruithe solúbtha oibre dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2019/1158 a neartú agus cur leo.

1.10. Is minic a tharlaíonn sé ag deireadh na tréimhse a bhíonn duine i mbun cúram neamhfhoirmiúil i dteaghlach nach n-éiríonn leis an duine sin post nua a fháil nó nach gceadaítear don duine sin filleadh ar an bpost a bhí aige nó aici roimhe sin. Dá bhrí sin, iarrann CESE ar na Ballstáit dreasachtaí, ráthaíochtaí agus réitigh a thabhairt isteach ina mbeartais fostaíochta le go bhféadfaidh na daoine sin filleadh ar an bhfostaíocht íoctha agus aitheantas cuí á thabhairt don taithí a fuair siad.

1.11. Ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an reachtaíocht agus an rialáil, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla ar fáil lenar féidir cur síos a dhéanamh ar dhálaí maireachtála na gcúramóirí neamhfhoirmiúla. I ndáil leis sin, tá CESE ag iarraidh go nglacfaí straitéisí breise taighde, i gcomhar le Eurofound go háirithe, agus na geallsealbhóirí a bheith rannpháirteach iontu freisin.

1.12. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí cúramóirí teaghlaigh san áireamh i gceiliúradh Lá Idirnáisiúnta an Chúraim ionas go dtabharfar aitheantas dóibh i gcóras Eorpach an chúraim.

2. **Tuairimí ginearálta**

2.1. I dtuairim eile ([5]) a d'fhoilsigh CESE roimhe seo, leag sé amach gnéithe a bhaineann leis an ról atá ag baill teaghlaigh a thugann aire do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta, agus thug sé mionsonraí agus anailís a bhaineann leis an gcúram neamhfhoirmiúil.

2.2. D'fhoilsigh an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) agus an Coimisiún Eorpach (AS EMPL) tuarascáil dar teideal *2021 Long-Term Care Report - Trends, challenges and opportunities in an ageing society*. Tugtar léargas cuimsitheach eile ar an ról sin sa tuarascáil sin agus luaitear a lán gnéithe úsáideacha a d'fhéadfaí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar thionchar an chúraim neamhfhoirmiúil.

2.3. Leagtar amach sa *tuarascáil sin*, go háirithe, an tionchar diúltach ar ioncam pearsanta agus ar shochair phinsin na ndaoine sin a chuireann cúram neamhfhoirmiúil ar fáil do dhaoine scothaosta nó do dhaoine faoi mhíchumas ina dteaghlach, sin le rá daoine a mbíonn méid mór tacaíochta uathu, agus go gcuireann sin leis an mbochtaineacht.

([3]) IO C 364, 28.10.2020, lch. 77.

([4]) Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán (IO C 476, 15.12.2022, lch. 1).

([5]) Tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an ról atá ag baill teaghlaigh a thugann aire do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta: an méadú ollmhór a tháinig ar an bhfeiniméan sin le linn na paindéime (IO C 75, 28.2.2023, lch. 75).

2.4. Faoi Threoir (AE) 2019/1158 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí, leathnaíodh cearta cúramóirí trí theidlíocht ar laethanta saoire solúbtha agus ar shocruithe solúbtha oibre a chruthú do dhaoine a thugann aire do bhaill teaghlaigh a bhfuil cúram de dhíth orthu. Leagtar amach ann bearta chun réiteach a dhéanamh idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh agus cuirtear comhionannas na n-inscní chun cinn san ionad oibre, rud a spreagann dáileadh níos cothroime freagrachtaí teaghlaigh idir na fir agus na mná. Ar deireadh, tugadh isteach freisin cosaint bhreise in aghaidh idirdhealú san ionad oibre do thuismitheoirí agus do chúramóirí, lena gcuirtear toirmeasc ar chóir dhíobhálach bunaithe ar dhálaí an teaghlaigh nó ar an ngá le cúram sa teaghlach.

2.5. Maidir le Treoir 2019/1158 (AE) a rinneadh a thrasuí go foirmiúil i ngach Ballstát, beagnach, níl aon bhaint aici le cúramóirí neamhfhoirmiúla nach bhfuil post eile acu nó a d'éirigh as a bpost chun a ndualgais agus a bhfeidhmeanna cúraim neamhfhoirmiúil a chur i gcrích agus a chomhlíonadh.

2.6. Leagtar amach sa Straitéis Eorpach um Chúram ([6]) cuspóirí tábhachtacha maidir le feabhas a chur ar an gcúram, lena n-áirítear an inrochtaineacht, an cháilíocht, an inbhuanaitheacht, an nuálaíocht agus an cuimsiú sóisialta. Tá sé beartaithe bearta agus gníomhaíochtaí a dhéanamh chun cuspóirí na straitéise a bhaint amach, mar shampla dea-chleachtais a chur chun cinn, tacaíocht airgeadais le haghaidh na gclár cúraim, nuálaíocht theicneolaíoch i réimse an chúraim agus an comhar idir na Ballstáit.

2.7. Sa Straitéis Eorpach um Chúram, iarrtar ar na Ballstáit 'bearta tacaíochta a cheapadh do chúramóirí neamhfhoirmiúla, e.g. comhairleoireacht, tacaíocht shíceolaíoch, cúram faoisimh agus/nó tacaíocht airgeadais leormhaith', bearta nach ndíspreagfadh an rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, sin agus 'beartais' a cheapadh freisin 'chun cúram neamhfhoirmiúil a chur ar bhonn foirmiúil'. Is éard atá i gceist sa Mholadh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 ([7]) rochtain a thabhairt ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán. Tagraítear sa Mholadh sin do 'gach duine a bhfuil gá aige le cúram fadtéarmach' agus do na 'cúramóirí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla uile. Tá feidhm aige maidir leis an gcúram fadtéarmach a sholáthraítear ar fud na suíomhanna cúraim uile'.

2.8. Is é an sainmhíniú ar 'cúram neamhfhoirmiúil' a thugtar sa Mholadh ná 'cúram fadtéarmach a sholáthraíonn cúramóir neamhfhoirmiúil, eadhon duine éigin i dtimpeallacht shóisialta an duine a bhfuil gá aige [nó aici] le cúram lena n-áirítear páirtí, leanbh, tuismitheoir nó duine eile, nach bhfostaítear mar oibrí ghairmiúil cúraim fhadtéarmaigh'.

2.9. *Seo a leanas an méid atá luaite i Moladh 2022/C 476/01:*

2.9.1. I bpointe 9 'moltar do na Ballstáit nósanna imeachta soiléire a leagan síos chun cúramóirí neamhfhoirmiúla a shainaithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh ina ngníomhaíochtaí cúraim trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

a) a gcomhar le hoibrithe cúraim fhadtéarmaigh a éascú;

b) tacú leo chun rochtain a fháil ar an oiliúint is gá, lena n-áirítear maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde, comhairleoireacht, cúram sláinte, tacaíocht shíceolaíoch agus cúram faoisimh, chomh maith le tacú leo cothromaíocht a bhaint amach idir freagrachtaí oibre agus cúraim;

c) rochtain ar chosaint shóisialta agus/nó tacaíocht leordhóthanach airgeadais a thabhairt dóibh agus an tráth céanna a chinntiú nach gcuireann na bearta tacaíochta sin bac ar rannpháirtíocht sa mhargadh'.

2.9.2. I bpointe 10(g), moltar 'bearta a dhéanamh chun feasacht a mhúscailt agus glacadh daoine a bhfuil gá acu le cúram fadtéarmach agus glacadh a dteaghlach, oibrithe cúraim fhadtéarmaigh agus cúramóirí leis na seirbhísí agus leis an tacaíocht cúraim fhadtéarmaigh atá ar fáil a spreagadh, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil'.

2.10. Seo a leanas an méid atá luaite sa *Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2022 i dtreo comhghníomhaíocht Eorpach ar chúram* ([8]):

2.10.1. Pointe 72: 'ag tathant ar an gCoimisiún Clár Eorpach do Chúramóirí a chur faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle, agus mar chuid den chlár sin, clár Eorpach do Chúramóirí Neamhfhoirmiúla, lena ngabhfaidh pacáiste gníomhaíochtaí ar leibhéal AE maidir le cúram neamhfhoirmiúil, agus, i gcás ina mbeidh na hinniúlachtaí ar an leibhéal náisiúnta, á iarraidh ar na Ballstáit tacú leis an straitéis Eorpach seo trí ghníomhaíochtaí uaillmhianacha comhordaithe agus trí chláir náisiúnta chun na cineálacha éagsúla cúraim neamhfhoirmiúil a chuirtear ar fáil san Eoraip a shainaithint agus aitheantas a thabhairt dóibh, agus riachtanais éagsúla na gcúramóirí éagsúla, lena n-áirítear cúramóirí óga agus cúramóirí taistil, a shainaithint, chun gur fusa fostaíocht a dhearbhú agus chun cumhdach árachais agus cosanta sóisialta a áirithiú, gan beann ar a n-áit chónaithe nó a gcásanna riaracháin agus a stádas éagsúil'.

([6]) COM(2022) 440 final.

([7]) Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán (IO C 476, 15.12.2022, lch. 1), dá ngairtear 'an Moladh' anseo feasta.

([8]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2022 i dtreo comhghníomhaíocht Eorpach ar chúram (IO C 47, 7.2.2023, lch. 30).

2.10.2. Pointe 73: ‘á iarraidh ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar an gcúram neamhfhoirmiúil agus roghanna éagsúla tacaíochta airgeadais a chur ar bhonn foirmiúil bunaithe ar a riachtanais agus a réaltachtaí éagsúla, d’fhonn dea-chaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht airgeadais agus cosaint shóisialta a ráthú do chúramóirí;’.

3. **An cúlra leis an tuairim, lena n-áirítear an togra reachtach lena mbaineann**

3.1. Tá sé luaite ([9]) sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Straitéis Eorpach um Chúram gur féidir a áirithiú gur rogha seachas riachtanas a bheadh sa chúram neamhfhoirmiúil ach infheistíocht a dhéanamh sa chúram foirmiúil. Tá luach ard sochaíoch agus eacnamaíoch ag baint le haire a thabhairt do dhaoine muinteartha. Thairis sin, leagtar béim sa Straitéis gur ‘cheart rogha a bheith ag daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu faoin méid is mian leo cúram a chomhcheangal le hobair ar íocaíocht’ agus gur cheart, dá bhrí sin, ‘rochtain a bheith acu ar sheirbhísí a chuireann ar a gcumas a bhfreagrachtaí cúraim a réiteach lena saol gairmiúil’ agus a bheith in ann leas a bhaint as tacaíocht agus cúnamh (an leigheas coisctheach, scagadh) atá in oiriúint dá roghanna saoil.

3.2. De réir aithris D de Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2022, ‘is cúramóirí neamhfhoirmiúla a sholáthraíonn 80 % den chúram fadtéarmach uile san Eoraip, mná a bhformhór, gan dálaí oibre cothroma, gan íocaíocht den chuid is mó agus/nó gan tacaíocht shóisialta leordhóthanach, rud a fhágann gur saincheist thar a bheith inscneach é an cúram’. Luaitear ann freisin ‘go mbaineann soláthar cúraim neamhfhoirmiúil le heaspa na gceart, saoire bhreoiteachta agus saoire bhliantúil, cuir i gcás, chomh maith le saoire mháithreachais, atharthachta agus tuismitheora, laghdú ar rátaí fostaíochta, méadú ar rátaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta, meabhairshláinte laghdaithe agus mothúcháin mhéadaithe leithlisithe shóisialta agus uaignis, rud a mbíonn tionchar diúltach aige ar an tsláinte fhisiciúil agus mheabhrach, ar an bhfolláine agus ar an gcuimsiú sóisialta’, agus luaitear ann ‘go gcuireann ranníocaíocht na mban in obair chúraim gan íocaíocht USD 11 trilliún leis an ngeilleagar domhanda gach bliain, rud dar luach 9 % den OTI domhanda’.

3.3. Meabhraítear in aithris 11 de Mholadh 2022/C 476/01 go bhfuil ‘luach measta na n-uaireanta cúraim fhadtéarmaigh a sholáthraíonn cúramóirí neamhfhoirmiúla [...] ag 2.5 % de OTI an Aontais’. Is é a deirtear in aithris 12 nach mbeidh ‘sé inbhuanaithe a bheith ag brath go mór ar an gcúram neamhfhoirmiúil agus meastar go méadóidh riachtanais cúraim fhoirmiúil agus an brú ar bhuiséid phoiblí’.

3.4. Seo a leanas an méid atá luaite in aithris 20 de Mholadh 2022/C 476/01: ‘Is cuid fhíor-riachtanach den soláthar cúraim fhadtéarmaigh é an cúram neamhfhoirmiúil, toisc go ndéanann cúramóirí neamhfhoirmiúla, ar mná iad den chuid is mó, formhór an chúraim de ghnáth, mar gheall go minic ar easpa cúram fadtéarmach inrochtana inacmhainne a bheith ann’.

3.5. Ar an láimh eile, bíonn cúiseanna pearsanta ag a lán daoine leis an gcinneadh cúram neamhfhoirmiúil a sholáthar nó a fháil. Mar sin féin, féadfaidh an cúram neamhfhoirmiúil tionchar diúltach a bheith aige ar shláinte fhisiceach agus ar shláinte mheabhrach cúramóirí agus is bacainn mhór ar an bhfostaíocht é, go háirithe i gcás na mban. Bíonn tionchar díreach aige sin ar an ioncam atá acu faoi láthair agus ar an ioncam seanaoise a bheidh acu mar gheall ar fhabhrú laghdaithe ceart pinsin, fadhb a d’fhéadfadh a bheith níos measa fós i gcás cúramóirí a bhfuil freagrachtaí breise cúraim leanaí agus tuismitheoirí orthu.

3.6. Meabhraítear sa Straitéis Eorpach um Chúram go mbíonn drochthionchar ag an soláthar cúraim ar chúramóirí neamhfhoirmiúla, lena n-áirítear éifeachtaí diúltacha ar an ioncam atá acu agus a d’fhéadfadh a bheith acu sa todhchaí agus ar a meabhairshláinte. Luaitear an méid seo a leanas sa Straitéis: ‘Soláthraíonn mná an chuid is mó den chúram agus is minic go ndéanann siad a bpatrúin oibre a chur in oiriúint do fhreagrachtaí cúraim mar thoradh air sin, lena n-áirítear trí shosanna gairme a ghlacadh, trí bheith ag obair go páirtaimseartha, nó tríd an margadh saothair a fhágáil go hiomlán agus roimh am. Is dúshlán é seo do thuismitheoirí aonair go háirithe, ar mná iad formhór mór acu. Bíonn ualach dúbailte ar roinnt daoine a thugann aire do leanaí agus do bhaill teaghlaigh chleithiúnacha eile ag an am céanna. Roimh an bpaindéim in 2019, thug thart ar aon trian (32.6 %) de mhná idir 25 agus 49 mbliana d’aois lasmuigh den lucht saothair le fios gurb iad freagrachtaí cúraim an phríomhchúis nár lorg siad fostaíocht, i gcomparáid le 7.6 % d’fhir neamhghníomhacha’.

4. **Tuairimí ginearálta**

An Straitéis Eorpach um Chúram

4.1. na deiseanna atá ag na páirtithe leasmhara uile maidir lena dtaithí a roinnt agus foghlaim óna chéile a leathnú, trí chláir foghlama frithpháirtí maidir le gach gné den chúram;

4.2. a iarraidh ar na Ballstáit na dálaí a chruthú lena gcuirfear ar a gcumas do sholáthraithe cúraim, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus gníomhaithe an gheilleagair shóisialta, ról gníomhach a bheith acu i gceapadh agus i soláthar seirbhísí cúraim ar ardchaighdeán agus feabhas a chur ar dhálaí oibre san earnáil agus tacú le hiarrachtaí na n-údarás réigiúnach agus áitiúil infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí cúraim;

([9]) Pointe 3.2.

4.3. mar a tharla i gcás Threoir 2019/1158 (AE), ní chuirtear cúramóirí neamhfhoirmiúla nach bhfuil post eile acu nó a d'éirigh as a bpost chun tabhairt faoi dhualgais cúraim neamhfhoirmiúil san áireamh maidir le bearta a leagan amach chun tacú leo.

Seo seasamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

4.4. Is é tuairim CESE go bhfuil bearna mhór idir an Straitéis Eorpach, cur chun feidhme na Straitéise agus an chaoi a bhfuil cúrsaí dáiríre ar an leibhéal áitiúil, agus tá sé tugtha le fios ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ag gairmithe cúraim sláinte agus ag daoine a bhí ag fáil cúnaimh go bhfuil siad ar aon tuairim leis an gCoiste. Thairis sin, tugann CESE dá aire nach bhfuil Treoir (AE) 2019/1158 á cur chun feidhme go haonfhoirmeach ó Bhallstát go chéile.

4.5. Is oth le CESE go bhfuil cearta á sárú, mar atá, cearta airgeadais agus cearta faisnéise ar na cláir atá ar fáil, agus gur casta é an próiseas chun teacht ar an tacaíocht, agus gur minic an rómhaorlathas casta agus an easpa faisnéise ina gcúis leis sin.

4.6. Tá CESE den bharúil gur gá aghaidh a thabhairt ar shaincheist na hionadaíochta sóisialta nó ní fhéadfar an cuspóir atá ann a bhaint amach, is é sin dul chun cinn a dhéanamh maidir le réitigh iomchuí inbhuanaithe a chur chun feidhme.

4.7. Dearbhaíonn CESE athuair gur gá breis eolais a chur ar an réimse seo trí staidéir agus staitisticí leanúnacha ad hoc. I ndáil leis sin, b'fhiú do CESE, b'fhéidir, oibriú i gcomhar le Eurofound nó fiú staidéar a dhéanamh i dteannta a chéile amach anseo.

4.8. Cuireann CESE an t-idirphlé sóisialta chun cinn ar leibhéal na hearnála agus ar leibhéal na cuideachta d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh eagrú na hoibre de le go bhféadfaidh na cúramóirí neamhfhoirmiúla a bhfuil post eile acu cothromaíocht níos fearr a aimsiú idir an ról cúraim atá acu agus a saol gairmiúil. Ní hé atá i gceist beag ná mór go mbeadh ar an bhfostóir an ról cúraim a mhaoiniú ach go n-éascódh sé an ról sin trí eagrú na hoibre.

4.9. Ba cheart béim níos mó a leagan ar an bhféinchinntiúchán a fhad a bhaineann sé leis an rogha a bheith ag duine a bheith ina chúramóir nó ina cúramóir neamhfhoirmiúil agus, freisin, go mbeadh an duine a dteastaíonn an cúram uaidh nó uaithi in ann an cúramóir neamhfhoirmiúil a roghnú agus glacadh leis nó léi. Ba cheart a mheabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeadh an tsaoirse ag baill teaghlaigh fanacht sa bhaile mar chúramóirí dá mba rogha leo sin.

4.10. Tá CESE den tuairim gur cheart córais láidre de chúram sóisialta/institiúideach inacmhainne so-rochtana a thógáil le linn don Straitéis um Chúram a bheith á cur chun feidhme. Lena leithéid sin a dhéanamh, theastódh infheistíochtaí struchtúracha i seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán chun tacú leo siúd a bhfuil an cúram uathu agus lena ngaolta a chuireann cúram neamhfhoirmiúil ar fáil dóibh. Tugann CESE dá aire gur cuireadh in iúl sa Ráiteas Comhpháirteach de chuid Chónaidhm Eorpach na gCeardchumann Seirbhíse Poiblí (EPSU) ([10]), Chomhairle Bhardais agus Réigiúin na hEorpa (CEMR) agus Chónaidhm Fhostóirí Sóisialta na hEorpa maidir leis an athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch an Aontais go raibh imní orthu faoin sainordú a bhí ag Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir leis an idirbheartaíocht ar na rialacha maidir leis an rialachas eacnamaíoch ([11]) agus gur thug siad le fios nár cheart na rialacha maidir leis an rialachas eacnamaíoch a bheith ina mbac ar iarrachtaí féideartha na mBallstát infheistiú i seirbhísí sóisialta ar mhaithe le dea-bhail na saoránach. D'iarr CESE go ndéanfadh na comhreachtóirí grinnscrúdú breise, sula nglacfaí an Rialachán nua maidir le modheolaíocht na hanailíse ar inbhuanaitheacht an fhiachais, d'fhonn iarmhairtí uathoibríocha na mbeartas déine nach rabhthas ag súil leo a sheachaint. Thar aon rud eile, níor mhór tionchar sóisialta na mbeart a bheartófaí sa deireadh a chur san áireamh ([12]).

4.11. Meabhraíonn CESE gur cúis éagothroime é go minic nach mbíonn na deiseanna céanna ag oibrithe ar cúramóirí neamhfhoirimiúla iad freisin tabhairt faoi fhostaíocht rialta fhadtéarmach agus dul chun cinn a dhéanamh ina ngairm agus go mbíonn tionchar diúltach aige sin ar chumhacht ceannaigh na dteaghlach sin a bhíonn ag brath ar chabhair neamhfhoirmiúil agus go gcruthaítear bochtaineacht ábharach agus neamhábharach dá thoradh sin. Is glanchaillteanas é sin ón taobh eacnamaíoch de, ós rud é:

— go gcailltear oibrithe oilte (tearcfhostaíocht in earnáil an chúraim);

([10]) https://www.ccre.org/img/uploads/piecesjointe/filename/EU_Economic_Governance_review_EPSU_CEMR_Social_Employers_Joint_Statement.pdf.

([11]) Ráiteas Comhpháirteach de chuid Chónaidhm Eorpach na gCeardchumann Seirbhíse Poiblí (EPSU), Chomhairle Bhardais agus Réigiúin na hEorpa (CEMR) agus Chónaidhm Fhostóirí Sóisialta na hEorpa maidir leis an athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch an Aontais.

([12]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, ar Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, ar Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais ar chreataí buiséadacha na mBallstát (IO C, C/2023/880, 8.12.2023).

— go gcailltear an infheistíocht a rinneadh in oiliúint an fhostaí a d'fhág an post (is cuma an rogha nó oibleagáid é);

— go mbíonn caillteanas ann a bhaineann le sciar na hoibre íoctha i réimsí an chúraim agus na tacaíochta do dhaoine a bhfuil a neamhspleáchas laghdaithe.

4.12. Áitíonn CESE go bhfuil gá le habhcóideacht de chineálacha éagsúla a thionscnamh maidir leis an gceart chun faoisimh do chách. Le fiche bliain anuas, tá níos mó agus níos mó cúramóirí foirmiúla páirteach in eagrú na gcóras sóisialta, agus ní mór tús áite a thabhairt anois ar an gclár oibre polaitiúil don riachtanas tacú leo. Tá a lán athruithe ag tarlú sa tsochaí a bhfuil tionchar acu ar na milliúin cúramóirí san Aontas Eorpach, mar shampla ionchas saoil níos faide, an t-aistriú go cúram baile, cineálacha nua tacaíochta atá níos cuimsithí. Is saincheist pholaitiúil agus sláinte poiblí atá ann agus caithfear leas a bhaint as an tsaincheist sin chun na straitéisí cúraim do na daoine is leochailí a threorú chun go mbeidh cothromaíocht inbhuanaithe ann idir an dlúthpháirtíocht phoiblí agus tacaíocht fhrithpháirteach an teaghlaigh.

4.13. Tá CESE den tuairim gur gá tacaíocht chuimsitheach do dhaoine a chur chun feidhme faoi chuimsiú bheartais shóisialta na hEorpa, agus gur gá athchóiriú ar na beartais shóisialta náisiúnta a chothú agus a spreagadh.

5. **Beartais a thacóidh leis an gcúram teaghlaigh neamhfhoirmiúil**

5.1. Iarrann CESE ar na Ballstáit an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán a chur chun feidhme trí bhearta iomchuí a dhéanamh chun beartais agus bearta arb é is aidhm dóibh tacú le cás na gcúramóirí neamhfhoirmiúla a ghlacadh. I bhfianaise na héisteachta a thionóil CESE i mí an Mhárta 2024, tugann sé dá aire go bhfuil comhlachais Eorpacha na gcúramóirí teaghlaigh ag iarraidh cur le raon feidhme na Straitéise Eorpaí um Chúram d'fhonn:

5.1.1. cur leis an tacaíocht fhoirmiúil tríd an réimse seirbhísí do chúramóirí neamhfhoirmiúla a áirithiú agus a mhéadú chun fónamh dá riachtanais tríd an togra le haghaidh 'Ráthaíocht Eorpach um Chúram' ([13]), lena n-áirítear trí chur chun feidhme na bhforálacha reatha a neartú;

5.1.2. d'fhágfadh ráthaíocht den sórt sin gur rochtain fad saoil a bheadh sa rochtain ar sheirbhísí cúraim, rud a laghdódh na héagothromaíochtaí san Eoraip nó laistigh de na Ballstáit ó thaobh infhaighteacht agus inacmhainneacht na seirbhísí sin;

5.1.3. cur le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht na seirbhísí cúraim trí na deiseanna iontrála agus taistil a éascú d'oibreoirí neamh-AE. Molann CESE díriú ar gach oibrí cúraim sláinte san Eoraip, gan beann ar a stádas imirce agus cónaithe;

5.1.4. soláthar leathan seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar ardchaighdeán a chomhdhlúthú trí bhearta a bhaineann le hoiliúint agus uas-sciliú cúramóirí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla;

5.1.5. seirbhísí faoisimh agus glactha, agus seirbhísí leighis choiscthigh agus monatóireachta sláinte, lena n-áirítear seirbhísí neamhfhoirmiúla, a áirithiú – chun cur i gcoinne an traochta, an ró-ualaigh fhisicigh agus meabhrach agus na mí-úsáide – go háirithe sa chúram fadtéarmach;

5.1.6. seirbhísí práinnfhreagartha a bheidh le húsáid i gcásanna éigeandála cúraim nó sláinte a áirithiú go fada fairsing;

5.1.7. ceart féinchinntiúcháin daoine a áirithiú a fhad a bhaineann sé le rogha a bheith acu a bheith ina gcúramóirí neamhfhoirmiúla trí dheireadh a chur leis na príomhchúiseanna a bhíonn lena gcinntí i dtaobh an ábhair seo;

5.1.8. baol na bochtaineachta agus baol na díothachta ábharaí agus neamhábharaí a chosc, lena n-áirítear íocaíochtaí sonracha agus tacaíocht airgeadais, go háirithe i gcásanna an chúraim fhadtéarmaigh agus cásanna ina n-éirítear as post le pá rialta nó ina gcailltear post;

([13]) IO C 140, 21.4.2023, lch. 39, agus IO C 486, 21.12.2022, lch. 37.

5.1.9. beart a dhéanamh chun leibhéal an ioncaim teaghlaigh agus phearsanta a chothabháil agus a chúiteamh maidir le scéimeanna slándála sóisialta eile;

5.1.10. bearta agus tacaíocht a chabhróidh leis na cúramóirí neamhfhoirmiúla filleadh ar fhostaíocht íoctha a áirithiú i gcás daoine a d'éirigh as a gcuid oibre chun díriú ar oibleagáidí cúraim; bearta a dhéanamh chun cur leis an bhforbairt gairme, le daoine a ath-chomhtháthú sa ghairm agus le naisc a chothú idir iad agus saol na hoibre;

5.1.11. cásanna d'éagothromaíocht inscne idir cúramóirí neamhfhoirmiúla a bhfuil post acu a chomhrac, lena n-áirítear trí chur chun feidhme Threoir (AE) 2019/1158 a neartú agus cur leo;

5.1.12. seirbhísí cúraim agus sláinte ag an mbaile a chur chun cinn chun baol an leithscartha agus an leithlisithe a sheachaint, agus chun faireachán a dhéanamh ar chásanna atá i mbaol an traochta nó na mí-úsáide;

5.1.13. faireachán a dhéanamh ar an gcúram neamhfhoirmiúil ar an leibhéal Eorpach agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí a bhí ar na bearta a tugadh isteach le sásraí taighde agus faireacháin na Straitéise Eorpaí um Chúram;

5.1.14. tacú le húsáid chostéifeachtach na dteicneolaíochtaí teileachúraim, cumarsáide agus tacaíochta baile, gan faillí a dhéanamh sa tacaíocht a fhaightear on duine;

5.1.15. na cúramóirí teaghlaigh a chur san áireamh i gceiliúradh Lá Idirnáisiúnta an Chúraim ionas go dtabharfar aitheantas dóibh i gcóras Eorpach an chúraim.

An Bhruiséil, an 10 Iúil 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE